Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Aibreán 2026
(OR. en)

7406/26

LIMITE

API 49
INF 73

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7404/26; 7405/26 |
| Ábhar: | Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas Dearbhúcháin – 12/c/01/26 – Formheas an fhreagra ón gComhairle |

1. Ag eascairt as an gcomhairliúchán i scríbhinn a rinne an Mheitheal um Fhaisnéis, a seoladh an 13 Aibreán agus ar tháinig deireadh leis an 20 Aibreán 2026, tháinig an Mheitheal ar chomhaontú d'aon toil maidir leis an dréachtfhreagra ón gComhairle ar an iarratas dearbhúcháin thuasluaite mar a leagtar amach in 7405/26 é.

2. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh don Chomhairle an méid a leanas a dhéanamh faoi na míreanna 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo:

– an dréachtfhreagra in 7405/26 a fhormheas,

agus

– a chinneadh toradh na vótála a chur ar fáil don phobal.